NQAI 2003, Athráite 2015/QP.20 (c) QQI

# Athráiteas ar BEARTAS QQI.

## Beartas agus Critéir um Rochtain, Aistriú agus Dul chun cinn maidir le Foghlaimeoirí do Sholáthraithe Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR

1 RÉAMHRÁ ........ 3

2 CREIDIÚINT ........ 5

3 BEALAÍ CHUN CINN AGUS AISTRITHE ........ 6

4 SOCRUITHE IONTRÁLA ........ 7

5 SOLÁTHAR FAISNÉISE ........ 8

# 1 BUNEOLAS

Is é cuspóir an doiciméid seo a athlua ar mhaithe le soláthraithe, na gnásanna sin maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn (ATP) foghlaimeoirí a bhfuil sé de cheangal orthu, faoi láthair, a bhunú nó leanúint dá bhfeidhmiú chun cloí le ceanglais an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (2012) (Acht 2012).

Bhunaigh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) '*Beartas, gníomhartha agus gnásanna chun rochtain, aistriú agus dul chun cinn a chur chun cinn*' (Márta 2003). Rinneadh é seo an uair a bhunaigh an NQAI an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Áiríodh sa doiciméad cinntí reachtúla faoi alt 8(2)(d) d'Acht na gCáilíochtaí (1999) ar ghnásanna atá le cur i bhfeidhm ag soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna. Deirtear in alt 84(15) d'Acht 2012: go dtí go mbunóidh QQI a bheartais agus a chritéir féin maidir le ATP, bunóidh soláthraí a bhfuil feidhm ag alt 56 den Acht sin maidir leis (is é sin soláthraithe ábhartha agus soláthraithe nasctha) gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn foghlaimeoirí de réir na  ngnásanna atá bunaithe ag NQAI.

Níl aon phleananna faoi láthair ag QQI chun beartais agus critéir nua a ghlacadh faoi Alt 56 d'Acht 2012[1]. Deimhníodh sa chomhairliúchán poiblí ar ATP in 2013 gur measadh go raibh beartas QQI ar ATP tábhachtach ach níor nochtadh aon phráinn le hathrú

a dhéanamh ar chinntí 2003. Tá QQI i mbun comhairliúcháin leanúnach ar an mbealach is oiriúnaí chun beartais agus critéir nua a fhorbairt. Aithnítear leis seo, leis, an t-athbhreithniú ar an CNC atá beartaithe do 2016, ina ndéantar foráil freisin d'athbhreithniú ar bheartas agus gnásanna bainteacha ATP.

Chuir NQAI a bheartas i láthair mar aon le fís, prionsabail agus cuspóirí oibríochtúla maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn le gníomhartha agus gnásanna a moladh dó féin, do na hiar-chomhairlí dámhachtana agus do sholáthraithe. Tá an fhís, prionsabail agus cuspóirí ginearálta bailí agus ábhartha i gcónaí do gach gníomhaí sa chóras. I gcásanna áirithe tá na moltaí sonracha d'fhorais náisiúnta curtha ar neamhní ag forbairtí beartais ina dhiaidh sin de chuid NQAI nó ag na comhairlí dámhachtana nó níl siad chomh hábhartha sin i bhfianaise chónascadh na bhforas seo isteach mar QQI. Cloíonn QQI i gcónaí leis a n gcur chuige ginearálta beartais agus leis na moltaí ina fheidhmiú mar fhoras um dhearbhú cáilíochta agus cáiliúcháin.


Ceanglaítear ar sholáthraithe ábhartha agus nasctha gnásanna a fhorbairt maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn chun críocha sainiúla éagsúla faoi Acht 2012.

Chun a n-oibleagáidí sonracha a dhéanamh níos soiléire, baintear amach agus athfhoilsítear sa doiciméad seo na hailt sin de dhoiciméad 2003 a bhaineann go sonrach le soláthraithe. Bhí na forálacha seo le feiceáil in Aguisín 3 de dhoiciméad 2003 roimhe seo. Tá roinnt athruithe eagarthóireachta déanta chun tagairtí seanchaite do na hiarchomhairlí a nuashonrú.

1 As discussed in the Green Paper 4.5 (May 2013), available on www.QQI.ie

Faoi bhunstruchtúr an bheartais (féach *fíor 1* thíos) rinneadh na gnásanna a roinnt i gceithre ghrúpa: creidiúint, bealaí aistrithe agus dul chun cinn, socruithe iontrála, agus soláthar faisnéise.

FÍOR 1: STRUCHTÚR BHEARTAS ATP QQI



# 2 CREIDIÚINT

Measann an tÚdarás go bhfuil sé cuí gnásanna eatramhacha a chinneadh do sholáthraithe sula gcuirfear cur chuige náisiúnta i leith creidmheasa i bhfeidhm. Baineann na gnásanna seo le sonrú na socruithe chun gur féidir le soláthraithe clár oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí réamhfhoghlaim a aithint.

Is iad seo a leanas iad:

- Ceanglaítear ar gach soláthraí ráiteas a chur i dtoll a chéile ar na socruithe atá ar fáil i gcás gach ceann dá gcláir le haghaidh aitheantas réamhfhoghlama, iontrála, creidiúna i dtreo dámhachtana agus le haghaidh rochtain ar dhámhachtain iomlán. Ba chóir go sainmhínítí sna ráitis seo na cuspóirí ar féidir próisis aitheantais réamhfhoghlama a úsáid lena n-aghaidh, i., chun iontráil ar an gclár a chumasú; chun díolúine a sholáthar ó cheanglais cláir nó creidiúint a sholáthar i leith dámhachtana; nó incháilitheacht do dhámhachtain iomlán a bhunú. I gcás ina n-úsáidtear aitheantas réamhfhoghlama chun iontráil ar chlár a chumasú, ba chóir go léireodh an ráiteas ar shocruithe atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leo ar an gclár.
- Maidir le soláthraithe a bhfuil a gcláir bailíochtaithe ag QQI nó a bhfuil údarás tarmligthe faighte acu ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh, ní mór don ráiteas socruithe seo a bheith comhsheasmhach leis na beartais agus na gnásanna do Dhámhachtainí QQI.

Nóta: Ghlac NQAI "*Prionsabail agus Treoirlínte Oibríochtúla um Fheidhmiú an Chur Chuige Náisiúnta i leith Creidiúna san Ardoideachas agus Oiliúint*" Tá na prionsabail agus na treoirlínte ceaptha chun treoir a thabhairt d'institiúidí agus d'fhorais cháiliúcháin agus iad ag forbairt a gcórais chreidmheasa mar chomhlánú ar an CNC. Tá siad i bhfeidhm i gcónaí agus is forlíonadh iad ar na gnásanna seo.

Chuir iar-Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna córas creidmheasa i dtoll a chéile dá dámhachtainí féin. Rinneadh an córas seo a chomhtháthú le "*Beartas chun Caighdeáin Dámhachtainí a Chinneadh*" (QP.12, 2014) agus gabhann sé a áit. Agus gnásanna á gcinneadh do chreidiúint i dtreo dámhachtana, is srian ar sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna é an chreidiúint a shanntar don spriocdhámhachtain (mórdhámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóra agus/nó dámhachtain fhorlíontach). Ní shannann soláthraithe dámhachtainí BOO QQI creidiúintí dámhachtana.

2 Ar fáil ar www.QQI.ie

3 Ar fáil ar www.QQI.ie

# 3 BEALAÍ DUL CHUN CINN AGUS AISTRITHE

Tá gnásanna cinnte ag an Údarás atá le cur i bhfeidhm ag soláthraithe chun síneadh na mbealaí aistrithe agus dul chun cinn ag gach leibhéal den chóras a éascú, agus chun na socruithe maidir le húsáid bealaí aistrithe agus dul chun cinn a shoiléiriú d'fhoghlaimeoirí:

- Ba cheart do sholáthraithe, i gcomhar leis na forais cháiliúcháin lena mbaineann, bealaí aistrithe agus dul chun cinn isteach agus ar aghaidh ó gach clár as a leanann dámhachtainí sa chreat a shainaithint.
- Maidir le bealaí aistrithe agus dul chun cinn a sainaithníodh, ba cheart go sonródh soláthraithe freisin aon ghnóthachtáil ar leith, sna dámhachtainí a leanann as a gcuid clár, atá ag teastáil le haghaidh aistriú nó dul chun cinn (m.sh. i gcás inar gá Gradam a ghnóthachtáil i ndámhachtain chun rochtain a fháil ar chlár as a leanann dámhachtain ag an gcéad leibhéal eile).
- Ba cheart do sholáthraithe na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar chláir chun cuidiú le rannpháirtithe aistrithe rathúla a dhéanamh; tagraíonn an gnás seo do riachtanais rannpháirtíochta i gcás gach foghlaimeora, ach go háirithe iad siúd atá ag cáiliú do chláir ar bhealaí neamhchaighdeánacha, agus áirítear leo aistriú nó dul chun cinn isteach agus amach as cláir.

3 Ar fáil ar www.QQI.ie

# 4 SOCRUITHE IONTRÁLA

Tuigtear gurb ionann iontráil agus iontráil ar rochtain tosaigh nó trí aistriú nó dul chun cinn. Ceanglófar ar sholáthróirí a chinntiú:

- Go bhfuil na socruithe iontrála soiléir, cinntí maidir le leithdháileadh áiteanna ar chláir trédhearcach, agus go gcaitear le gach iarratasóir ar bhealach cothrom, comhionann agus comhsheasmhach.
- Déantar socruithe cuí do phróiseas achomhairc.
- I gcás gach cláir, tá ráitis ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha ar an eolas, an scil agus an inniúlacht a theastaíonn mar bhonn le rannpháirtíocht rathúil, agus tá inchomparáideacht leis na tosca atá sainithe do chláir chomhchosúla.
- I gcás gach cláir, sainmhínítear go soiléir na dámhachtainí sa chreat a aithnítear mar dhámhachtainí a léiríonn incháilitheacht le haghaidh iontrála agus, i gcás inarb ábhartha, na gnóthachtálacha a theastaíonn le haghaidh na ndámhachtainí sin.

# 5 SOLÁTHAR FAISNÉISE

Chun lánéifeacht a bhaint as an gcreat ó thaobh trédhearcacht agus soiléireacht a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí, tá gnásanna socraithe ag an Údarás a mbeidh ar sholáthraithe cloí leo:

a chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí agus foghlaimeoirí ionchasacha in ann eolas cuimsitheach a fháil ar na féidearthachtaí maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn ar bhealach soiléir, díreach agus comhsheasmhach. Cuirtear na gnásanna seo i láthair mar phrótacail faisnéise a bheidh le comhlíonadh ag na soláthraithe ábhartha go léir mar atá sainmhínithe

sa reachtaíocht:

- Caithfidh gach soláthróir ainm an fhorais cháiliúcháin agus teideal, cineál dámhachtana agus leibhéal creata na dámhachtana a bhaineann leis an gclár sin a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí agus iad ag tosú ar chláir.
- Foilseoidh gach soláthraí na nithe seo a leanas i bhformáid chaighdeánach inrochtana i gcás gach cláir:
  - Na socruithe maidir le hincháilitheacht chun iontrála, lena n-áirítear ráiteas ar an eolas, scil agus inniúlacht a bheidh de dhíth ar an bhfoghlaimeoir mar bhonn le rannpháirtíocht rathúil sa chlár.
  - Socruithe chun incháilitheacht an fhoghlaimeora chun iontrála a mheas.
  - Socruithe breise roghnúcháin, i gcás ina bhfuil gá leo.
  - Ráiteas ar na socruithe atá ar fáil le haghaidh aitheantas réamhfhoghlama, le haghaidh iontrála ar gach ceann dá gcláir, agus le haghaidh rochtana ar dhámhachtain.
  - Féidearthachtaí maidir le haistriú agus/nó dul chun cinn a bhaineann leis an gclár, lena n-áirítear aon naisc shonracha ábhartha maidir le dul chun cinn.
  - Sonraí na tacaíochta foghlama atá ar fáil do ghrúpaí foghlaimeoirí ar leith ar nós foghlaimeoirí faoi mhíchumas, nó foghlaimeoirí nach é an Béarla a máthairtheanga.
- Áireofar i ngach doiciméad faisnéise agus poiblíochta a thagraíonn do chlár as a dtiocfaidh dámhachtain ráiteas ar na socruithe iontrála, agus cur síos ar na féidearthachtaí aistrithe/dul chun cinn isteach agus amach as an gclár.
- Áireofar in aon doiciméad forlíontach (i.e. teastas nó forlíonadh dioplóma chun trédhearcacht dámhachtana a chur chun cinn) arna eisiúint ag soláthraithe a bhfuil cumhachtaí neamhspleácha dámhachtana acu faisnéis faoi na nithe seo a leanas:
  - An dámhachtain a shuí sa chreat náisiúnta cáilíochtaí - ainm an fhorais cháiliúcháin agus teideal, cineál dámhachtana agus ainmniú leibhéal creata na dámhachtana.
  - Na deiseanna aistrithe agus dul chun cinn a ghabhann leis an dámhachtain.